Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**12261/24**

**ENER 383**
**CLIMA 281**
**TRANS 346**
**RECH 359**
**BUDGET 55**
**IND 370**
**COMPET 798**
**FIN 706**
**FISC 165**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12205/24 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta 29/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Tacaíocht an Aontais do bhithbhreoslaí inbhuanaithe san iompar - Bealach doiléir amach romhainn'<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 22 Iúil 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 29/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Tacaíocht an Aontais do bhithbhreoslaí inbhuanaithe san iompar - Bealach doiléir romhainn', mar a d'fhormheas an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha iad ag an gcruinniú a bhí aici an 22 Iúil 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta 29/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Tacaíocht an Aontais do bhithbhreoslaí inbhuanaithe san iompar - Bealach doiléir amach romhainn'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. GABHANN SÍ BUÍOCHAS le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa as Tuarascáil Speisialta 29/2023 dar teideal 'Tacaíocht an Aontais do bhithbhreoslaí inbhuanaithe san iompar - Bealach doiléir amach romhainn'.

2. AITHNÍONN SÍ gurb é cuspóir na Tuarascála Speisialta a mheas an bhfuil an tAontas ag tacú le bithbhreoslaí inbhuanaithe san iompar ar bhealach éifeachtach agus an gcuidíonn bithbhreoslaí leis an Aontas a spriocanna fuinnimh agus aeráide a bhaint amach.

3. MEABHRAÍONN SÍ gur tháinig Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú le déanaí maidir leis na gníomhartha reachtacha a mhol an Coimisiún Eorpach faoin bpacáiste 'Oiriúnach do 55', lena leagtar síos an creat chun spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 an Aontais a chur chun feidhme; agus sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis na forálacha maidir le bithbhreoslaí san earnáil iompair agus na critéir inbhuanaitheachta[1].

4. TUGANN SÍ AN AIRD chuí ar na barúlacha, na conclúidí agus na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta, lena n-áirítear go háirithe an iarraidh ar chreat beartais comhsheasmhach intuartha de chuid an Aontais le haghaidh bithbhreoslaí san earnáil iompair.

---

[1] Airteagal 1(15), (17), (18) agus (19) de Threoir (AE) 2023/2413, lena leasaítear Airteagail 25, 27, 28 agus 29 de Threoir 2018/2001.